C/2026/3910

20.7.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/3910)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Korytnica / Korytnická’

Uimh. AE: PDO-SK-03409 — 4.3.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Korytnica / Korytnická’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An tSlóvaic

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2201 – Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí nádúrtha nó saorga agus uiscí aeraithe, nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile curtha leo ná nach bhfuil blaistithe; oighear agus sneachta

2201 10 – Uiscí mianraí agus uiscí aeraithe

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is é ‘Korytnica / Korytnická’ an t-ainm ar uisce mianraí nádúrtha a tharraingítear ó dhá fhoinse uisce mianraí sa limistéar geografach sainithe a shainítear faoi phointe 5: tugtar Tobar S-2 (‘Antonín’, cláruimhir LM - 038) ar fhoinse amháin, agus tugtar Tobar S-7 (‘Klement’, cláruimhir LM-039) ar an bhfoinse eile. Tá sulfáit/décharbónáit agus

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

carbónáit chailciam/mhaignéisiam san uisce mianraí ón dá fhoinse, agus tá sé iarnaí, fuar agus hipeatonach. Ó thaobh na hidrigheoiceimice de, is gnáthuisce bunúsach de chineál sulfáite cailciam í an phríomh-chomhchuid, lena ngabhann an comhdhéanamh seo a leanas:

Tobar Klement

Ainiain (mg/l)	Caitiain (mg/l)
Clóirídí (Cl^-): 9,93	Sóidiam (Na^+): 6,7
Fluairídí (F^-): 0,76	Cailciam (Ca^{2+}): 581
Sulfáití (SO_4^{2-}): 1 260	Maignéisiam (Mg^{2+}): 182
Carbónáití hidrigine (HCO_3^-): 1 049	Potaisiam (K^+) 5,4
Níotráití (NO_3^-): <1,0	Iarann (Fe^{2+}): 22,50
Nítrítí (NO_2^-): < 0,01	Litiam (Li^+): 0,052
	Iain amóiniam (NH_4^+): 0,12

Tobar Antonín

Ainiain (mg/l)	Caitiain (mg/l)
Clóirídí (Cl^-): 2,84 / 5,67	Sóidiam (Na+): 5,7
Fluairídí (F–): 0,77	Cailciam (Ca2+): 645
Sulfáití (SO42–): 1 290	Maignéisiam (Mg2+): 173
Carbónáití hidrigine (HCO3–): 1 159	Potaisiam (K+) 6,0
Níotráití (NO3–): <1,0	Iarann (Fe2+): 21,83
Nítrítí (NO2–): < 0,01	Litiam (Li+): 0,053
	Iain amóiniam (NH4+): 0,24

Is féidir leis na luachanna iarbhír a bheith suas le 5 % os cionn na luachanna thuas, nó suas le 5 % faoina mbun, ag brath ar dhálaí ithreach agus aeráide.

Dáiltear 'Korytnica / Korytnická' i bpacáistíocht tomhaltais mar uisce mianraí nádúrtha súilíneach, leathshúilíneach nó gan súilíní. Uisce mianraí nádúrtha 'Korytnica / Korytnická' a chuirtear i mbuidéil, bíonn cion iarainn ann a bhíonn difriúil de réir na foinse as a dtarraingítear an t-uisce agus an bhealaigh ina gcóireáiltear é ina dhiaidh sin.

Uisce mianraí nach gcóireáiltear chun iarann a bhaint de, is é Tobar S-7 ('Klement') a úsáidtear chun é a tháirgeadh agus a dháileadh; d'fhéadfadh a chion iarainn a bheith chomh hard le 21,83 mg/l.

Uisce mianraí a chóireáiltear chun iarann a bhaint de, is é Tobar S-2 ('Antonín') a úsáidtear chun é a tháirgeadh; is é <0,006 mg/l an cion iarainn a léirítear ar a phacáistíocht tomhaltais.

In 'Korytnica / Korytnická' tá dé-ocsaíd charbóin a fhaightear go nádúrtha, a thagann ó phróisis gheolaíocha agus a tharlaíonn i sraitheanna faoi thalamh. Tá an CO2 sin tuaslagtha cheana féin san uisce faoi thalamh, rud a fhágann go mbíonn an t-uisce a thagann ar barr beagáinín súilíneach. Nuair a dhéantar an t-uisce mianraí a bhuidéalú, is féidir é a shaibhriú a thuilleadh le dé-ocsaíd charbóin, chun níos mó broidearnaí, seilfré níos faide agus blas níos sainiúla a thabhairt dó. Úsáidtear carbónú saorga go príomha i gcás an chineáil shúilínigh, lena gcuirtear méid rialaithe 3,5 g/l de CO2.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Tagann toibreacha uisce mianraí ar barr sa limistéar geografach lena mbaineann.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór céimeanna táirgthe uile uisce mianraí 'Korytnica / Korytnická' a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar an t-uisce mianraí a bhuidéalú i bpacáistíocht díolacháin íon ó thaobh an tsláinteachais de trí bhíthin próiseas teicneolaíoch lena gcuirtear cosc ar aon éilliú mar gheall ar eilimintí nó substaintí coimhthíocha mar gheall ar lúb iata idir pointe soláthair an uisce agus an pointe ag a ndéantar é a bhuidéalú lena dhíol.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach sainithe suite i gceantar Ružomberok, i limistéir chadastracha Liptovská Osada agus Liptovská Lúžna. Téann teorainn thiar an limistéir ó mhullach Magurka, ag spotairde 1 126 mhéadar os cionn leibhéal na farraige, go sruthán Vamberský. As sin, leanann sé feadh an bhóthair rochtana tríd an limistéar spá agus feadh an chosáin foraoiseachta in aice le sruthán Vamberský, go dtí an áit a n-éiríonn an sruthán sa deisceart/oirdheisceart. Leanann sí an cosán cré ansin agus casann sí soir isteach i nGleann Predný úplaz. Uaidh sin leanann sí an sruthán chomh fada leis an líne shamhailteach a shíneann idir an spotairde 1 102 m ag Col Hiadeľské sedlo sa deisceart agus an spotairde 1 348 m ag mullach Skorušová sa tuaisceart. Sin é theorainn theas an limistéir. Téann an teorainn thoir feadh na líne samhailtí go dtí mullach Skorušová. Is éard atá sa teorainn thuaidh línte teorann thoir thuaidh agus thiar thuaidh a dhéantar as an líne shamhailteach idir spotairdí na mullaí seo: Skorušová, Fedorka (1 303 m) agus Magurka.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar dhálaí peideolaíocha, aeráide agus hidrigeolaíocha sa limistéar geografach sainithe.

Bíonn na saintréithe seo a leanas in uisce mianraí nádúrtha 'Korytnica / Korytnická': blas éadrom, cóimheas idir cailciam agus maignéisiam arb é 3,1:1 i dtobar Klement agus 3,7:1 i dtobar Antonín, cion sóidiam an-íseal, cion ard iarainn agus rian beag strointiam; leis na saintréithe sin, is féidir é a aithint thar uiscí mianraí eile sa tSlóvaic. Is é 5,7-6,7 mg/l an meánchion salainn (Na+) in uisce mianraí 'Korytnica / Korytnická'. Is féidir a mheas gurb é sin an cion salainn is ísle as measc uiscí mianraí uile na Slóvaice, ós rud é mbíonn an meánchion salainn (Na+) sna huiscí mianraí eile idir 19,9 mg/l agus 355 mg/l. Bíonn an t-uisce beagán alcaileach agus fágann a chomhdhéanamh mianraí go bhfuil sé fóirsteanach é a úsáid gach lá.

Saintréithe de chuid uisce mianraí nádúrtha 'Korytnica / Korytnická' is ea go dtéann sé timpeall go domhain faoi bhun an dromchla nuair a chruthaítear é mar aon lena chomhdhéanamh ceimiceach uathúil a n-áirítear ann na 'macradhúile' cailciam, maignéisiam, sóidiam, potaisiam, sulfáití agus décharbónáití, agus na 'micreadhúile' iarann, mangainéis, litiam, amóiniam, fluairídí agus clóirídí. Bíonn CO2 ann go nádúrtha mar aon le teocht 7-9 °C. Bíonn mianrú iomlán an uisce mianraí nádúrtha idir 3 150 agus 3 320 mg/l.

Taifeadadh strointiam san uisce, agus bhí an cion is airde a breathnaíodh sa raon idir 7,29 agus 9,27 mg/l. Is riandúil thábhachtach é strointiam de réir aicmiú folc-chóireála na riandúl.

Tá an limistéar sainithe suite sa chuid thiar theas de shléibhte Íseal Tatra. Is éard atá sa tsubstráit den chuid is mó aolchloch agus carraigeacha dolaimíteacha, a bhfuil tionchar mór acu ar mhianrú an screamhuisce toisc go bhfuil carbónáití agus mianraí eile iontu a shaibhríonn an t-uisce agus é ag dul tríd na strataim faoi thalamh. Cuireann aolchloch agus dolaimít foirmiú décharbónáití chun cinn freisin agus tugann siad don uisce a chomhdhéanamh sainiúil, is é sin go mbíonn sé le cailciam, maignéisiam agus iarann. Chruthaigh struchtúr casta geolaíoch agus teicteonach na carraige agus na dálaí hidrigeolaíocha a tháinig aisti dálaí atá oiriúnach d'fhoirmiú agus do theacht ar barr talaimh uiscí mianraí sa limistéar geografach.

Tá geimhrí fuara agus samhraí measartha te ina ngnéithe den aeráid, ar aeráid í a fhaightear de ghnáth i limistéir shléibhtiúla, agus cuireann sí le cobhsaíocht shreabhadh agus theocht an screamhuisce. Fágann sé sin gur féidir comhdhéanamh mianraí an uisce a choinneáil ar bun. Déantar an fhrasaíocht sa limistéar sin a scagadh trí charraigeacha cailcreacha agus dolaimíteacha, áit a saibhrítear an t-uisce le mianraí amhail iarann, maignéisiam agus cailciam. Ina theannta sin, coinníonn an aeráid fhionnuar an tobar glan agus cosnaíonn sí é, rud a choinníonn leibhéal ardcháilíochta an uisce ar bun.

Is struchtúr oscailte é an struchtúr hidrigeolaíoch as a n-eascraíonn an t-uisce mianraí nádúrtha, ina bhfuil limistéir insíothlaithe, carntha agus teacht ar barr. Sreabhann screamhuiscí chuig an limistéar teacht ar barr ó mhasaíf chriostalta Prašivá, atá níos airde i gcoibhneas leis an limistéar teacht ar barr talaimh; déantar na huiscí sin a dheighilt ó struchtúir hidrigeolaíocha eile a bhaineann le foinsí uisce mianraí in Liptovská Osada.

Is as sidirít a thagann an cion méadaithe ian feiriúil sna huiscí, a dháiltear ar fud shubstráit na carraige. Athraíonn an méid de san uisce de réir aigéadacht na n-uiscí agus thiúchaintí na n-ian décharbónáite. Braitheadh iain fheiriúla i ngach foinse uisce mianraí.

Is amhlaidh atá foirmiú an uisce mianraí agus a chomhdhéanamh ceimiceach toisc go dtéann sé síos go han-domhain, áit a bhfeabhsaíonn dé-ocsaíd charbóin ar leibhéal domhain, a bhfuil acmhainneacht thuaslagach níos airde aici, cumas mianraithe an uisce. Mar gheall ar chomhdhéanamh mianreolaíoch agus peitrighrafach na gcarraigeacha, is é an príomhphróiseas lena múnlaítear comhdhéanamh ceimiceach na screamhuiscí tuaslagadh carbónáití agus sulfáití i siostaí Werfen agus dianscaoileadh hidrealaíoch sileacáití. I bhfianaise na bpríomhphróiseas mianraithe atá i gceist i bhfoirmiú a gcomhdhéanaimh cheimicigh, iompraíonn na huiscí carbónáití/sulfáití, iompraíonn siad sulfáití, nó iompraíonn siad carbónáití.

Tá comhdhéanamh geolaíoch ag an limistéar ina dtagann uisce mianraí nádúrtha ‘Korytnica / Korytnická’ ar barr éagsúil le comhdhéanamh na limistéar atá díreach in aice láimhe agus tá sé scartha go fisiceach ó na limistéir sin freisin. Ciallaíonn sé sin nach féidir leis an uisce mianraí teacht ar barr in aon áit seachas sa limistéar geografach sainithe.

Tá an limistéar suite i nGleann Korytnica, agus sléibhte Íseal Tatra thart timpeall air, agus is comharthaí sóirt dá chuid an dúlra gan mhilleadh agus an flúirse mianraí ann. Is éard atá sa tsubstráit gheolaíoch den chuid is mó carraigeacha cailcreacha agus dolaimíteacha a shaibhríonn an screamhuisce le mianraí. Leis an meascán sin de charraigeacha agus próisis hidrigeolaíocha áirithe a bheith ann, cruthaítear dálaí idéalacha chun uiscí mianraí a fhoirmiú ina bhfuil leibhéil arda iarainn, maignéisiam agus cailciam. Cuireann an aeráid áitiúil, toibreacha nádúrtha agus íonacht an chomhshaoil cáilíocht chobhsaí uisce chun cinn.

Tagairt d’fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/pdf/specifikacie_op_oz/SPECIFIKACIA_Korytnica.pdf